CINNEADH (CBES) 2023/811 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Aibreán 2023

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) An 13 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/572 ([2]), lenar rinneadh na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES a athnuachan go ceann 6 mhí eile.

(3) Tá faisnéis nua faighte ag an gComhairle a bhaineann le daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES. Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 35 dhuine a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Aibreán 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/572 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 75I, 14.3.2023, lch. 134).

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, i “Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2”, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 92, 720, 723, 728, 879, 1172, 1348, 1349 go 1359, 1361 go 1364, agus 1366 go 1378:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“92.	Arkady Romanovich ROTENBERG Arkadii Romanovich ROTENBERG (Аркадий Романович РОТЕНБЕРГ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 15.12.1951 Áit Bhreithe: Leningrad, iarAPSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)	Is fear gnó Rúiseach iomráiteach é Arkady Rotenberg a bhfuil dlúthcheangal pearsanta aige leis an Uachtarán Putin. Ó mhí an Mhárta 2014 i leith, tá conarthaí Stáit de luach os cionn USD 7 mbilliún faighte ag Rotenberg, nó ag a chuideachtaí. In 2015, bhí Rotenberg ar bharr liosta iad siúd a fuair conarthaí rialtais ó thaobh luacha de, tar éis dó conarthaí arbh fhiú RUB 555 bhilliún a fháil ó Rialtas na Rúise. Bronnadh an chuid de na conarthaí sin gan aon phróiseas foirmiúil iomaíochta. An 30 Eanáir 2015, shínigh an Príomh-Aire, Dmitry Medvedev, foraithne lenar bronnadh conradh stáit ar Stroygazmontazh, cuideachta Rotenberg, chun droichead Kerch a thógáil ón Rúis chuig ‘Poblacht na Crimé’ Fhéinrialaitheach, a raibh ionghabháil neamhdhleathach déanta uirthi. Trí na conarthaí sin, fuair sé tairbhe airgeadais ó chinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú oirthear na hÚcráine. Iar-úinéir na cuideachta Stroygazmontazh é, ar bronnadh conradh Stáit uirthi chun droichead Kerch a thógáil ón Rúis chuig ‘Poblacht na Crimé’ Fhéinrialaitheach, a raibh ionghabháil neamhdhleathach déanta uirthi, rud a dhaingnigh a lánpháirtiú i gCónaidhm na Rúise agus lena mbaintear an bonn a thuilleadh d’iomláine chríochach na hÚcráine. Ar an gcaoi chéanna, i mí Eanáir 2017, bronnadh conradh stáit ar Stroygazmontazh arbh fhiú RUB 17 mbilliún é chun líne iarnróid a thógáil ar dhroichead Kerch, rud a chuir le an mbhonn a bhaint d’iomláine chríochach na hÚcráine. Úinéir dhá chuideachta, Mostotrest agus Stroygazmontazazh-Most, atá ainmnithe mar gheall ar a ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den cheannasacht na hÚcráine (eintitis Uimh. 43 agus 46 san Iarscríbhinn seo). In 2019 dhíol Rotenberg an chuideachta tógála píblíne gáis Stroygazmontazh.	15.3.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Mar gheall ar a rannpháirtíocht maidir le Droichead Kerch a thógáil, bronnadh ordú Stáit na Rúise 'Laoch Saothair de chuid Chónaidhm na Rúise' air i mí an Mhárta 2020. Tá sé ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí an chomhlachta foilsitheoireachta Prosvescheniye, a sheol an tionscadal 'Do Leanaí na Rúise: Seoladh – An Chrimé', arb é a bhí ann feachtas caidrimh phoiblí a ceapadh lena chur ina luí ar leanaí na Crimé gur saoránaigh de chuid na Rúise iad a raibh cónaí orthu sa Rúis agus, ar an gcaoi sin, tacú le beartas Rialtas na Rúise an Chrimé a lánpháirtiú sa Rúis. An 30 Eanáir 2021, mhaígh Arkady Rotenberg gurbh é tairbhí 'Palás Putin' mar a ghairtear in Gelendzhik, a bhfuil baint aige leis an imscrúdú ar Fhondúireacht Alexei Navalny in aghaidh Éilliú.	
720.	Alexander Semenovich VINOKUROV (Александр Семёнович ВИНОКУРОВ)	Dáta Breithe: 12.10.1982 Áit Bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Feidhm: Duine den lucht gnó, Comhpháirtí Bainistíochta agus Uachtarán Maraton Group, Comhalta de Bhord Stiúrthóirí Magnit Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is duine de lucht gnó na Rúise é Alexander Semenovich Vinokurov a bhfuil leasanna gnó aige sa mhiondíol bia, sa chógaisíochta, sa talmhaíocht agus sa bhonneagar. Tá poist cheannaireachta aige le Maraton Group, cuideachta infheistíochta, agus Magnit, an miondíoltóir bia is mó sa Rúis. Tá scaireanna aige freisin in Demetra Holding, atá ar cheann de na cuideachtaí trádála gráin is mó sa Rúis atá gníomhach san onnmhairiú gráin, agus is í an Rúis an t-onnmhaireoir cruithneachta is mó ar domhan. Tá sé pósta ar Ekaterina Sergeevna Vinokurova, íníon Sergey Lavrov, Aire Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise. Is é Semen Vinokurov a athair, a bhí ina cheann ar State Unitary Enterprise ' Capital Pharmacies' agus meastar gurb é duine de na fiontraithe is mó i dtionscal cógaisíochta na Rúise. Tá dlúthbhaint ag Alexander Vinokurov, dá bhrí sin, le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim don rialtas sin, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			An 24 Feabhra 2022, i ndiaidh na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhuail Alexander Semenovich Vinokurov, in éineacht le 36 dhuine eile den lucht gnó, leis an Uachtarán Vladimir Putin agus baill eile de rialtas na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin go bhfuil sé ar cheann de na mórphearsana gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú. Comhthacaítear leis sin a thuilleadh de bharr an dhlúthcheangail phearsanta atá ag Alexander Vinokurov leis an Aire Gnóthaí Eachtracha Sergey Lavrov atá freagrach as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hUcráine agus as beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, cheannasacht agus de neamhspleáchas an stáit sin nó ar bagairt iad na beartais sin ar an méid sin.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
723.	Dmitry Arkadievich MAZEPIN (Дмитрий Аркадьевич МАЗЕПИН)	Dáta Breithe: 18.4.1968 Áit Bhreithe: Minsk, iarPSS na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Feidhm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin JSC UCC Uralchem Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mórúinéir agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na cuideachta leasacháin mianraí Uralchem é Dmitry Arkadievich Mazepin agus is é an scairshealbhóir is mó de Urakali é. Monaróir Rúiseach is ea Uralchem Group a dhéanann raon leathan táirgí ceimiceacha, leasacháin mhianracha agus sailpítear amóiniach san áireamh. De réir na cuideachta, is é an táirgeoir is mó níotráit amóiniam agus an dara táirgeoir is mó leasacháin amóinia agus nítrigine sa Rúis. Tá Uralchem agus Uralkali araon ainmnithe ag Stát na Rúise mar ‘ sócmhainní straitéiseacha’. Tá Dmitry Arkadievich Mazepin, dá bhrí sin, rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrachas an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú. An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh fogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Dmitry Arkadievich Mazepin agus 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de Rialtas Chónaidhm na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin go bhfuil sé ar cheann de na mórphearsana gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú. I mí na Nollag 2021, d’athscríobh Dmitry Mazepin a chuideachtaí a bhí lonnaithe sa Chipir, Uralchem Holding agus CI-Chemical Invest, a rialaíonn ‘ Uralchem’, chuig dlínse na Rúise ag an gceantar riaracháin speisialta ar Oileán Oktyabrsky in Kaliningrad Oblast.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
728.	Vadim Nikolaevich MOSHKOVICH (Вадим Николаевич МОШКОВИЧ)	Dáta Breithe: 6.4.1967 Áit Bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Feidhm: iarchathaoirleach bhord stiúrthóirí Rusagro Group Náisiúntacht: Rúiseach, Cipireach Inscne: fireann	Is fiontraí Rúiseach é Vadim Nikolaevich Moshkovich a bhfuil leasanna gnó sa talmhaíocht agus san fhorbairt réadmhaoine. In 2004, bhunaigh Vadim Moshkovich Rusagro Group ar táirgeoir mór muiceola, saillte agus siúcra é, arbh é a bhí sa chéad áit i measc gnólachtaí talmhaíochta sa Rúis in 2021. Tá Vadim Moshkovich páirteach, dá bhrí sin, in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh d'fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail Vadim Moshkovich, mar aon le 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus comhaltaí eile de Rialtas Chónaidhm na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin go bhfuil sé ar cheann de na mórphearsana gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
879.	Roman Arkadyevich ABRAMOVICH (Роман Аркадьевич АБРАМОВИЧ)	Feidhm: Olagarc a bhfuil dlúthcheangal aige le Vladimir Putin; mór-scairshealbhóir in Evraz; iarGhobharnóir Chukotka Dáta Breithe: 24.10.1966 Áit Bhreithe: Saratov, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: 1 Lipovaya Aleya, Nemchinovo, Odinstvo district, Moscó, An Rúis Daoine aonair comhlachaithe: Vladimir Putin	Olagarc is ea Roman Abramovich a bhfuil dlúthchaidreamh aige le Vladimir Putin le fada an lá. Bhí rochtain phribhléideach aige ar an Uachtarán, agus choinnigh sé dlúthchaidreamh leis. A bhuí leis an nasc sin leis an gceannaire Rúiseach bhí sé in ann a mhaoin nach beag a choimeád. Mór-scairshealbhóir i ngrúpa cruach Evraz is ea é, grúpa atá ar cheann de na cáiníocóirí is mó sa Rúis. Dá bhrí sin, thairbhigh sé de chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú. Tá sé ar dhuine de mhórphearsana gnó sa Rúis é chomh maith a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach asan gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	15.3.2022
1172.	Aleksandra MELNICHENKO a.k.a.Sandra NIKOLIĆ (Seirbis: Александра МЕЉНИЧЕНКО)	Dáta Breithe: 21.4.1977 Áit Bhreithe: Béalgrád, an tSeirbia Duine aonair comhlachaithe: Andrey Igorevich Melnichenko (fear céile) Náisiúntacht: Seirbiach, Crótach Inscne: baineann Pasuimhir: Pas na Cróite uimh. 094949450 (in éag: 23.12.2023)	Is í Aleksandra Melnichenko bean chéile Andrey Igorevich Melnichenko, tionsclaí Rúiseach a d'aistrigh an úinéireacht éifeachtach agus an leas atá aige sa mhórtháirgeoir leasacháin EuroChem Group agus an chuideachta guail SUEK chuici an 9 Márta 2022. Baineann Aleksandra Melnichenko leas as an saibhreas agus baineann sí tairbhe as rachmas a fir chéile. I mí an Mhárta 2022, ghlac Aleksandra Melnichenko áit a fir chéile mar úinéir tairbhiúil ar Firstline Trust, atá á bhainistiú ag Linetrust PTC Ltd, cuideachta atá ina húinéir deiridh ar EuroChem Group. Mar sin, tá baint aici le duine mór gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	3.6.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1348.	Georgiy Sergeevich STAROSTIN (Георгий Сергеевич СТАРОСТИН)	Dáta Breithe: 1.12.1986 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 771380617804 (an Rúis)	Tá an Captaen Georgiy Starostin ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Georgiy Starostin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1349.	Sergey Vladimirovich ILIN (Сергей Владимирович ИЛЬИН)	Dáta Breithe: 14.11.1987 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann	Tá an Captaen Sergey Ilin ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Sergey Ilin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1350.	Yuriy Aleksandrovich NIKONOV (Юрий Александрович НИКОНОВ)	Dáta Breithe: 9.5.1984 Áit Bhreithe: Baku, iarAPPS, (An Asarbaiseáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 271201003620, 016154160136 (an Rúis)	Tá an Captaen Yuriy Nikonov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Yuriy Nikonov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1351.	Ekaterina Viktorovna CHUGUNOVA (Екатерина Викторовна ЧУГУНОВА)	Dáta Breithe: 10.3.1991 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanant Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Cánach 312609219100 (an Rúis)	Tá an Leifteanant Ekaterina Chugunova ina comhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr í in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha í, dá bhrí sin, an Leifteanant Ekaterina Chugunova, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1352.	Igor Alekseevich GROZA (Игорь Алексеевич ГРОЗА)	Dáta Breithe: 2.6.1996 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 261205020910 (an Rúis)	Tá an Leifteanant Igor Groza ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanant Igor Groza, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1353.	Ivan Dmitrievich POPOV (Иван Дмитриевич ПОПОВ)	Dáta Breithe: 17.8.1998 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Maor Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 280403816493 (an Rúis)	Tá an Maor Ivan Popov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Maor Ivan Popov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1354.	Matvey Andreevich LIYBAVIN (Матвей Андреевич ЛЫБАВИН)	Dáta Breithe: 2.9.1992 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Maor Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 732610491457 (an Rúis)	Tá an Maor Matvey Liybavin ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Maor Matvey Liybavin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1355.	Roman Aleksandrovich KUROCHKIN (Роман Александрович КУРОЧКИН)	Dáta Breithe: 25.2.1985 Áit Bhreithe: Chernyakhovsk, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Maor Inscne: fireann	Tá an Maor Roman Kurochkin ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Maor Roman Kurochkin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1356.	Dmitri Yuryevich TIKHONOV (Дмитрий Юрьевич ТИХОНОВ)	Dáta Breithe: 26.1.1993 Áit Bhreithe: Lipetsk, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Ardleifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 482305758073 (an Rúis)	Tá an tArdleifteanant Dmitri Tikhonov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreán agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an tArdleifteanant Dmitri Tikhonov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1357.	Nikolay Vladimirovich TARASOV (Николай Владимирович ТАРАСОВ)	Dáta Breithe: 29.8.1985 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Ardleifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 503811568315 (an Rúis)	Tá an tArdleifteanant Nikolay Tarasov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an tArdleifteanant Nikolay Tarasov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1358.	Anton Olegovich SHATUN (Антон Олегович ШАТУН)	Dáta Breithe: 12.2.1990 Áit Bhreithe: Gudauta, an tSeoirsia Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 610209429700 (an Rúis)	Tá an Captaen Anton Shatun ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é an Captaen Anton Shatun, dá bhrí sin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1359.	Alexey Petrovich BETEKHTIN (Алексей Петрович БЕТЕХТИН)	Dáta Breithe: 7.12.1987 Áit Bhreithe: Vladivostok, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann	Tá an Captaen Alexey Betekhtin ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Alexey Betekhtin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1361.	Artyom Aleksandrovich CHERNOV (Артём Александрович ЧЕРНОВ)	Dáta Breithe: 13.10.1988 Áit Bhreithe: Kovrov, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 770482092946 (an Rúis)	Tá an Captaen Artyom Chernov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Artyom Chernov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1362.	Stanislav Aleksandrovich MINKOV (Станислав Александрович МИНКОВ)	Dáta Breithe: 16.6.1984 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann	Tá an Captaen Stanislav Minkov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é an Captaen Stanislav Minkov, dá bhrí sin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1363.	Alexey Sergeevich VOLKOV (Алексей Сергеевич ВОЛКОВ)	Dáta Breithe: 27.6.1997 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 784202352764 (an Rúis)	Tá an Leifteanant Alexey Volkov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanant Alexey Volkov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1364.	Andrey Anatolievitch IVANYUTIN (Андрей Анатольевич ИВАНЮТИН)	Dáta Breithe: 3.9.1980 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Maor Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 503114955109 (an Rúis)	Tá an Maor Andrey Ivanyutin ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Maor Andrey Ivanyutin, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1366.	Pavel Aleksandrovich VASILYEV (Павел Александрович ВАСИЛЬЕВ)	Dáta Breithe: 19.3.1990 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Ardleifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 532007713046 (an Rúis)	Tá an tArdleifteanant Pavel Vasilyev ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an tArdleifteanant Pavel Vasilyev, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1367.	Alexey Nikolaevich MIKHAYLOV (Алексей Николаевич МИХАЙЛОВ)	Dáta Breithe: 29.1.1985 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 770474370653 (an Rúis)	Tá an Captaen Alexey Mikhaylov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Alexey Mikhaylov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1368.	Elvira Yunusovna OBUKHOVA (Эльвира Юнусовна ОБУХОВА)	Dáta Breithe: 14.6.1988 Áit Bhreithe: Perm, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Cánach 590613130708 (an Rúis)	Tá an Captaen Elvira Obukhova ina comhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr í in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha í, dá bhrí sin, an Captaen Elvira Obukhova, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1369.	Pavel Borisovich OBUKHOV (Павел Борисович ОБУХОВ)	Dáta Breithe: 7.2.1983 Áit Bhreithe: Podolsk, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 503614915506 (an Rúis)	Tá an Captaen Pavel Obukhov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Pavel Obukhov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1370.	Vitaly Viktorovich YASKELAYNEN (Виталий Викторович ЯСКЕЛАЙНЕН)	Dáta Breithe: 1.10.1986 Áit Bhreithe: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Captaen Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 780625739170 (an Rúis)	Tá an Captaen Vitaly Yaskelaynen ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Captaen Vitaly Yaskelaynen atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1371.	Alexandr Arsenovich GREGORYAN (Александр Арсенович ГРЕГОРЯН)	Dáta Breithe: 22.5.1998 Áit Bhreithe: Tver, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 695010890820 (an Rúis)	Tá an Leifteanant Alexandr Gregoryan ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanant Alexandr Gregoryan, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1372.	Artyom Andreevich VEDENOV (Артём Андреевич ВЕДЕНОВ)	Dáta Breithe: 10.2.1989 Áit Bhreithe: Kostroma, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanant Inscne: fireann	Tá an Leifteanant Artyom Vedenov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanant Artyom Vedenov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1373.	Nikita Evgenievich POPLAVSKIY (Никита Евгеньевич ПОПЛАВСКИЙ)	Dáta Breithe: 15.3.1998 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 504602606022 (an Rúis)	Tá an Leifteanant Nikita Poplavskiy ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanant Nikita Poplavskiy, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1374.	Vladimir Sergeevich PETROV (Владимир Сергеевич ПЕТРОВ)	Dáta Breithe: 23.2.1998 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanant Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 521406165185 (an Rúis)	Tá an Leifteanant Vladimir Petrov ina chomhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanant Vladimir Petrov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1375.	Evgeniy Grigorievitch KAPSHUK (Евгений Григорьевич КАПШУК)	Dáta Breithe: 15.7.1974 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Coirnéal Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 773128151404 (an Rúis)	Tá an Coirnéal Evgeniy Kapshuk ina cheannasaí ar an Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Coirnéal Evgeniy Kapshuk, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1376.	Anton Yurievich TIMOSHINOV (Антон Юрьевич ТИМОШИНОВ)	Dáta Breithe: 29.1.1986 Áit Bhreithe: N/D Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanantchoirnéal Inscne: fireann	Tá an Leifteanantchoirnéal Anton Timoshinov ina cheannasaí den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanantchoirnéal Anton Timoshinov, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1377.	Igor Borisovich BAGNYUK (Игорь Борисович БАГНЮК)	Dáta Breithe: 30.4.1982 Áit Bhreithe: Ríge, an Laitvia Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanantchoirnéal Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 770470599386 (an Rúis)	Tá an Leifteanantchoirnéal Igor Bagnyuk ina cheannasaí den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanantchoirnéal Igor Bagnyuk, atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
1378.	Robert Petrovich BARANOV (Роберт Петрович БАРАНОВ)	Dáta Breithe: 20.3.1975 Áit Bhreithe: Yalchiki nó Nizhny Tagil, iarAPPS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Maorghinearál Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cánach 012190931739, 502239120417 (an Rúis)	Tá an Maor-Ghinearál Robert Baranov ina Stiúrthóir ar an Main Computing Centre of the General Staff (GVC) de chuid an Russian Armed Forces General Staff. Sa cháil sin, is príomhfhigiúr é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreián agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Maor-Ghinearál Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, Robert Baranov atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022”